CINNEADH (AE) 2020/1583 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Deireadh Fómhair 2020

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Choiste Comhpháirtíochta a bunaíodh faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le liosta na ndaoine aonair atá le feidhmiú mar eadránaithe in imeachtaí um réiteach díospóide a ionadú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 207(4) de, an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile ([1]) ("an Comhaontú") thar ceann an Aontais i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2018/104 ón gComhairle ([2]) agus tá sé á chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach ón 1 Meitheamh 2018.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 339(1) den Chomhaontú, bhunaigh an Coiste Comhpháirtíochta liosta 15 dhuine aonair atá toilteanach agus ábalta feidhmiú mar eadránaithe ("an liosta eadránaithe") ag an gcruinniú a bhí aige an 17 Deireadh Fómhair 2019.

(3) Chuir an Airméin in iúl don Aontas nach gcomhlíonann duine de na daoine aonair a bhí molta aici na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 339(2) den Chomhaontú a thuilleadh agus ba cheart dá bhrí sin an duine sin a ionadú.

(4) Chun a áirithiú go ndéanfar forálacha an Chomhaontaithe atá á gcur i bhfeidhm go sealadach a oibriú, tá an Coiste Comhpháirtíochta chun cinneadh a ghlacadh liosta leasaithe a chur in ionad liosta na n-eadránaithe.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Comhpháirtíochta a bhunú mar go mbeidh an cinneadh ón gCoiste Comhpháirtíochta ina cheangal ar an Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh den Choiste Comhpháirtíochta a bunaíodh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le liosta na n-eadránaithe, faoi mar a thagraítear dó in Airteagal 339 den Chomhaontú sin ([3]), a ionadú, is ar dhréacht-Chinneadh comhfhreagrach an Choiste Comhpháirtíochta a bhunófar é.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a ghlactha.

([1]) IO L 23, 26.1.2018, lch. 4.

([2]) Cinneadh (AE) 2018/104 ón gComhairle an 20 Samhain 2017 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Chuimsithigh Fheabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile (IO L 23, 26.1.2018, lch. 1).

([3]) Féach doiciméad ST 11524/20 ag http://register.consilium.europa.eu.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 23 Deireadh Fómhair 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
S. SCHULZE